Tuarascáil Bhliantúil den Choiste a ceapadh chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha

2012

Tá cóip den tuarascáil seo ar fáil ar láithreán ghréasáin an Gharda Síochána www.garda.ie
agus ar láithreán ghréasáin Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig www.iyjs.ie

Oifig Athstiúrtha Óige An Gharda Síochána
An Garda Síochána
Cearnóg Fhearchair
Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 666 38 31/2/3/4
Facs: (01) 666 3827
Ríomhphost: youthdiversion@garda.ie

RÉAMHRÁ

A Choimisnéir a chara,

Cuireann sé áthas orm mar chathaoirleach ar an gCoiste Monatóireachta a ceapadh faoi Alt 44 (1) d'Acht ma Leanaí 2001 an Tuarascáil Bhliantúil do 2012 a chur i láthair.

Léirítear gníomhaíochtaí an Choiste Monatóireachta agus an Chláir Athstiúrtha le linn 2012 agus leagtar amach gníomhartha molta le haghaidh 2013.

Ba é líon na n-atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha i 2012 ná 24,069 agus ba é líon na leanaí aonar ná 12,246. As an méid ar atreoraíodh iad ligeadh isteach 9,776 (80%) sa Chlár.

Le linn 2012 riaradh 1,036 rabhaidh trí bhíthin an Cheartais Aisirígh. Tá sé seo ina chomhartha den úsáid mhéadaithe den Cheartas Aisiríoch agus curchuige aisiríocha nuair a bhítear ag idirghníomhú le leanaí a bhíonn i gcoimhlint leis an dlí. I 2013 leanfaimid le húsáid an Cheartais Aisirígh a chur chun cinn mar chuid den Chlár Athstiúrtha.

Ba í an chéad bhliain den Straitéis Leanaí agus Óige an Gharda Síochána don Óige ar rinneadh forbairt uirthi do na blianta 2012-2014 ag cuimsiú na ndátaí sin.

Seasann Líon na nOifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) ag 123. Tá sé (6) fhollúntais amuigh ach tá iomaíocht chun na follúntais a líonadh ar siúl faoi láthair.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha, An Ceannfort Collette Quinn agus a foireann ag Oifg Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (a raibh aithne air roimhe seo mar Oifig an Gharda Síochána do Óige agus do Ghnóthaí Óige) agus na hOifigigh Idirchaidrimh don Ghaeilge timpeall na tíre as a dtiomnú tiomantas agus sár obair le linn 2012.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le mo chomh bhaill ar an gCoiste Monatóireachta Alt 44- an tArd-Cheannfort Anne Marie Mac Mahon, an tUasal Eddie D'Arcy, an tUasal John Cheatle, B.L. agus an Garda Monica Reilly an Rúnaí don Choiste as a n-iarrachtaí agus a ndúthracht le linn na bliana.

_____Coimisnéir Cúnta
AJ Nolan

CLÁR NA NÁBHAR

Réamhrá 3

Achoimre Feidhmeannais 5

An Clár Athstiúrtha 6

Baill reatha an Choiste 8

Struchtúr Acmhainní Daonna 9

Atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha 10

Leanaí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha 12

Rabhaidh- Rabhaidh foirmiúla agus neamhfhoimiúla 15

Ceartas Aisiríoch 16

Scéalta Cheartas Aisirígh 18

Imeachtaí Cheartais Aisirígh de reir Réigiúin agus Roinne 21

Leanaí a ceapadh bheith mí-oiriúnach le bheith áirithe sa Chlár Athstiúrtha 23

An Cineál Coire as a atreoraíodh Leanaí 25

Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána 26

Lonnú Tionscadail Athstiúrtha Óigé an Gharda Síochána forleitheadacha 27

Tuairimí agus moltaí 28

ACHOIMRE FEIDHMEANNAIS

- Ba é líon iomlan na nEachtraí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha i 2012 ná 24,069 i gcomparáid le 27,384 i 2011.
- Ba é líon iomlán na Leanaí aonar a atreoraíodh chuig an gClár ná 12,246 i comparáid le 12,809 i 2011.
- Ligeadh 9776 (80%) de na leanaí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha i gcomparáid le 9,721 (76) i 2011.
- Déileáileadh le 6,265 (51%) tri bhíthin an rabhaidh neamhfhoirmiúil i gcomparáid le (54%) i 2011.
- Déileáileadh le 1850 (15%) trí bhíthin an rabhaidh fhoimiúil i gcomparáid le 2,777 (22%) i 2011.
- Tá 671 (5%) de leanaí ar feitheamh le cinneadh ina gcás i gcomparáid le 515 (4%) i 2011.
- Ní raibh aon ghníomh Garda eile ag teastáil maidir le 648 (5%) i gcomparáid le 738 (6%) i 2011.
- Bhí 1,822 (15%) leanaí measta mar mí-oiriúnach chun iad a áireamh sa Chlár i gcomparáid le 1,835 (14%) i 2011.
- Bhí 25% de na leanaí a atreoraíodh baineann agus bhí 75% fireann, cosúil le figiúirí 2011.
- Lean Clár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána ag forbairt agus bhí baint eile le hoifigigh idir-chaidrimh don Óige ag úsáid Cheartas Aisirígh i 1,036 atreoruithe, méadú ó 903 atreoruithe i 2011.
- Is iad Ord Poiblí (29%), goid agus cionta a bhaineann leis (24.9%) agus damáiste d'airnéis agus don timpeallacht na trí chatagóirí is mó asar atreoraíodh leanaí gan aon athrú ó fhigiúirí 2011.
- Is é líon iomlán na bpostanna d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óge 123 lena n-áirítear 8 Sáirsint mar Oifigigh Idirchaidrimh don Óiige díreach mar a bhí i 2011.

AN CLÁR ATHSTIÚRTHA

Nuair a bhíonn duine faoi 18 mbliana déag d'aois freagrach as coir is féidir déileáil leis an ábhar i mbealach amháin nó dhó;

1. Is féidir rabhadh a thabhairt don duine óg nó

2. Is féidir é nó í a thabhairt os comhair na gCúirteanna.

Sular féidir aon duine a thabhairt os comhair na gCúirteanna ní foláir é nó í a mheas don Chlár Athstiúrtha. Is rabhadh é an rabhadh ó Oifigeach Idirchaidrimh Gharda don Óige (JLO). Déantar an cinneadh rabhadh a thabhairt don duine nó duine a ionchúiseamh ag Ceannfort Gharda ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Aithnítear an Clár malartach seo mar an **Clár Athstiúrtha**. Oibrítear an clar faoin reachtaíocht a leagtar amach in Acht na Leanaí, 2001.

BHEITH SAN ÁIREAMH SA CHLÁR ATHSTIÚRTHA

Sular féidir duine a mheas le bheith áirithe sa Chlár Athstiúrtha tá líon critéar nach mór dóibh a bheith comhlíonta.

Ní mór don duine óg:

- freagracht a ghlacadh as an iompraíocht athchiontaithe,
- aontú go dtabharfaí rabadh dó nó di,
- Más iomchuí aontú le téarmaí maoirseachta.

Is í freagracht an Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha cinneadh a dhéanamh ar oiriúnacht an duine óig le bheith áirithe sa chlár. Agus an cinneadh seo á dhéanamh is féidir leis an Stiúrthóir tuairimí aon íospartaigh a lorg ach fanann an cinneadh deireanach leis an Stiúrthóir.

CONAS MAR A OIBRÍONN AN PRÓISEAS?

I ngach cás rachaidh an tOifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) i dteagmháil leis an duine óg buailfidh sé nó si leis chun an iompraíocht athchiontaithe a phlé. D'fhéadadh an cruinniú seo tarlú i dteach an linbh nó i staisiún Gharda. Ní mór don leanbh agus a tuismitheoirí nó caomhnóir an linbh bheith i láthair. Tarlóidh plé lena linn ina bpléifear an iompraíocht athchiontaithe agus beifear ag súil go ngeallfaidh an duine óg gan cion a dhéanamh sa todhchaí. Iarrfaidh an tOifigeach Idirichaidrimh (JLO) agus an chlann tacú le pé iarrachtaí a bheidh an duine óg toilteanach a dhéanamh chun cosc a chur le haon iompraíocht athchiontaithe sa todhchaí. Tabharfar an rabhadh ag Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) Cigire Gharda nó an Ceannfort Garda.

CÉ A CHINNEANN CÉ ATÁ OIRIÚNACH NÓ NACH BHFUIL NACGOIRIÚNACH

Tá an cinneadh chun duine a áireamh sa Chlár Athstiúrtha tógtha ag Ceannfort Garda ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána a bhfuil aithne air nó uirthi mar Stiúrthóir an Chláir Agus an cinneadh á dhéanamh aige nó aici is féidir leis an Stiúrthóir cioradh a dhéanamh ar:

- Cineál ciona
- Tuairimí an Íospartaigh
- Leasa an tSochaí
- Tuairimí an Gharda i mbun gabhála
- Tuairimí an Oifigigh Idirchaidrimh don Óige
- Dearcadh agus tuairimí an duine óig a rinne cion
- Tuairimí tuismitheoirí / Chaomhóir an duine óig
- An bhfuil leithscéal tugtha nó nach bhfuil
- An féidir rud éigin a dhéanamh chun aon dochar a rinneadh a leigheas
- An bhaint a bhí ag an leanbh leis an gclár roimhe seo

CAD IS MAOIRSEACHT INTI?

Nuair a thugtar rabhadh do duine óg is féidir é nó í a chur faoi mhaoirseacht an Oifigigh Idirchaidrimh Óige (JLO) ar feadh tréimhse 12 mhí déag. Cinnfear an cineál maoirseachta ag an Oifgeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) agus béidh sé éagsúil ó chás go cás. Mar shampla, d'fhéadfadh sé an ciontóir ag aontú bheith gafa i ngniomhaíochtaí freasatal ar Tiosnscadal Óige nó beidh ar an duine óg tuairisciú don Oifigeach idirchaidrimh don Óige (JLO) nó do Gharda eile ar ócáidí faoi leith.

BALLRAÍOCHT AGUS TÉARMAÍ TAGARTHA AN CHOISTE

Foráiltear in Acht na Leanaí ag alt 44, go gceapfar Coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Choiste.

Is é aidhm ag Téarmaí Tagartha an Choiste ná:

- monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné dá oibríocht.
- Monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais oiliúna leanúnacha na n-éascaitheoirí.
- Tuarascáil Bhliantúil a thabhairt do Choimsinéir an Gharda Síochána ar a ghníomaíochtaí go léir le linn na bliana.

Is iad tascanna an Choiste ná:

- Scrúdú a dhéanamh bhainistíocht agus seachadadh éifeachtacht an Chláir Áthstiúrtha.
- Na dea-chleachtais is fearr a aithint iriarachán an chláir.
- Measúnú le haghaidh oiliúint na nÉascaitheoirí agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar oiliúna.
- Modheolaíochtaí a chur ar bun chun measúnú agus tomhas a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir.

Is iad baill reatha an Choiste:

- An Coimisinéir Cúnta Jack Nolan, Cathaoirleach
- An tArd-cheannfort Anne Marie Mc Mahon
- An tUasal John Cheatle BL
- An tUasal Eddie D'Arcy

BAILL REATHA AN CHOISTE

Tá freagracht ag **an gCoimisnéir Cúnta Jack Nolan** d'Oifig Fhorbairt Eagraíochta agus Pleanáil Straitéiseach, Ceanncheathrú an Gharda Síochána mar aon leis an Réigiún Garda don Thoir Theas. Is iarchoimisnéir cúnta é do Réigiún an Iarthair agus Is iarstiúrthóir Oiliúna agus Forbartha ag Coláiste an Gharda Síochána agus Ceann ar an Roinn Bhainistíocht Athruithe i gceanncheathrú an Gharda Síochána.

- PhD. in Athrú Eagraíochtúil le cuidiú IT- Coláiste ma Trionóide, Baile Átha Cliatha in
- MSc. i Staidéar Cheartas Choiriúil – Ollscoil Leicester
- BSc. san Eolaíocht Shóisialta - Open University
- Dioplóma in Eolaíocht Shóísialta Fheidhmeach - Open University
- Dioplóma Feidhmiúchain i Straitéis agus Nualaíocht - MIT, Boston, SAM

Tá freagracht ag **an Ard-Cheannfort Anne Marie McMhaon** as Biúró an Gharda Síochána um Chaidreamh Pobail i gCearnóg Fhearchair lena n-áirítear Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, agus ina theannta sin is í an Stiúthóir Oiliúna reatha ag Coláiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór. Bhi sí ina ceannfort i Stáisiun Gharda, Bóthar Bhaile an Róistigh, Cathair Luimnigh cheana.

Is oibrí gairmiúil don Ógra é **an tUasal Eddie D'Arcy** ó 1980 i leith. Is é an bainisteoir reatha é ar Sheirbhísí Óige An tIonad Óige Cailtliceach le freagracht as seirbhisí Óige lena n-áirítear ionaid ógra, 250 baill foirne agus as buiséad le barrachas de €10 milliúin. Rinne sé forbairt ar an gCéad Tionscadal Athstiúrtha Garda don Óige, GRAFT ar son óige Bhaile Uí Rónáin.

Fuair **an tUasal John Cheatle** a chuid oideachais i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus in Óstaí an Rí. Glaodh é chuig Barra na hEireann é agus bíonn sé ag obair sna réimsí Tearmann, Athbhreithniú breithiúnach, diobhálacha tráchtála agus pearsanta. Oileadh é mar idirghabhálaí creidiúnaithe ag an Ionad um Réiteach Éifeachtach Díospóidí agus tá spéis ar leith aige sa Cheartas Aisiríoch agus idirghabháil idir chiontóirí agus íospartaigh. Is ball é d'Údarás Réitigh Díospóidí Chumann Lúthcleás Gael agus ba bhall comhairle é de Chumann Idirghabhála Trachtála na hÉireann.

STRUCHTÚR ACMHAINNÍ DAONNA



ATREORUITHE CHUIG AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA

Bhí 24,069 atreoruithe eisithe i 2012 atá níos ísle ná na 27,384 atreoruithe eisithe i 2011.

Tábla 1: Líon na nAtreoruithe i 2012 de réir Réigiúin agus Roinne

2012 Réigiún/Roinne	Iomlán	% Athrú 2011	Rabhadh Nemahoirmiúil	Míoiriúnach	Rabhadh foirmiúil	Rabhadh Aisiríoch	Gan aon gníomh	Eile*
Réigiún Chathair Átha Cliath	**8,477**	**-9%**	**2,339**	**3,476**	**1,594**	**213**	**344**	**511**
Roinn an Oirthear	779	-15%	241	224	174	18	33	89
Roinn Lár-Thuaidh	838	-27%	162	474	112	24	23	43
Roinn Thuaidh	2,091	-6%	660	733	365	73	69	191
Roinn Theas-Láir	532	-18%	147	225	91	10	23	36
Roinn an Deisceart	1,902	1%	561	882	291	7	84	77
Roinn an Iarthair	2,335	-8%	568	938	561	81	112	75
Réigiún an Oirthir	**3,003**	**-12%**	**1,110**	**813**	**722**	**96**	**120**	**142**
Cill Dara	727	-13%	293	169	166	27	28	44
Laois/Uíbh Fhailí	525	-23%	236	139	120	9	11	10
An Mhí	586	-9%	203	140	170	17	26	30
An Iarmhí	507	-16%	140	189	118	29	14	17
Cill Mhantáin	658	0%	238	176	148	14	41	41
Réigiún an Tuaiscirt	**2,367**	**-13%**	**976**	**528**	**582**	**96**	**67**	**118**
Cabhán/Muineachán	614	-18%	261	97	194	10	14	38
Dún na nGall	678	-19%	320	126	129	60	15	28
Lú	749	11%	265	213	191	18	30	32
Sligeach/Liatroim	326	-28%	130	92	68	8	8	20
Réigiún an Oirdheiscirt	**2,897**	**-17%**	**984**	**966**	**572**	**149**	**93**	**133**
Cill Chainnigh	720	-22%	265	246	81	50	40	38
Tiobraid Árann	667	-20%	173	300	103	53	14	24
Port Láirge	861	-14%	253	277	260	16	17	38
Loch Garman	649	-11%	293	143	128	30	22	33
Réigiún an Deiscirt	**4,839**	**-10%**	**1,574**	**1,560**	**1,009**	**405**	**157**	**134**
Cathair Chorcaí	1,517	-1%	465	647	265	58	57	25
Corcaigh Thuaidh	661	-11%	258	166	121	78	20	18
Iarthar Corcaí	457	-25%	209	85	86	38	31	8
Ciarraí	802	9%	296	200	129	134	20	23
Luimneach	1,402	-21%	346	462	408	97	29	60
Réigiún an Iarthair	**2,355**	**-18%**	**1,062**	**488**	**489**	**76**	**132**	**108**
An Clár	607	-8%	227	140	161	18	23	38
Gaillimh	910	-15%	442	172	187	44	44	21
Maigh Eo	484	-27%	217	110	86	8	36	27
RosComáin	354	-25%	176	66	55	6	29	22
Lasmuigh den Dlínse	**131**	**1%**	**58**	**16**	**13**	**1**	**27**	**16**
Móriomlán	**24,069**	**-12%**	**8,103 (34%)**	**7,847 (33%)**	**4,981 (21%)**	**1,036 (4%)**	**940 (4%)**	**1,162 (5%)**

*Áirítear iarratais le haghaidh tuilleadh eolais
Ní shuimítear gach céadatán go 100% go beacht mar gheall ar shlánúchán

Figiúr 1: Líon na gCásanna a atreoraíodh 2007-2012



Figiúr 2: Cinntí Cásanna mar chéatadán de na hatreoruithe iomlána 2011-2012



*Áirítear iarratais le haghaidh tuilleadh eolais

Ní shuimítear gach céadatán go 100% go beacht mar gheall ar shlánúchán

Tháinig méadú ar chomhréir na Rabhadh Foirmiúil agus tháinig laghdú ar an gcomhréir mí-oiriúnach le bheith áirithe sa Chlár idir 2011 agus 2012.

LEANAÍ A ATREORAÍODH CHUIG AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA

Tugadh rabhadh do 12,246 leanaí i 2012 atá -4% níos ísle ná an 12,809 leanaí a atreoraíódh i 2011.

Tábla 2: Líon na nAtreoruithe i 2012 de réir Réigiúin agus Roinne

Réigiún/Roinn	Iomlán	% Athrú 2011	Rabhadh Neamhfhoirmi	Rabhadh Foirmiúil	Neamh-oiriúnach	Gan aon gníomh	Eile*
Réigiún Átha Cliath	**3,910**	**-1%**	**1,797**	**855**	**780**	**225**	**253**
Roinn an t-Oirthear	431	-3%	194	97	67	20	53
Roinn LárThuaidh	291	-13%	118	45	90	14	24
Roinn Thuaidh	1,013	4%	506	228	161	46	72
Roinn Theas-Láir	217	-11%	100	30	51	19	17
Roinn An Deisceart	801	-2%	412	116	184	52	37
Roinn an Iarthair	1,157	1%	467	339	227	74	50
Réigiún an Oirthir	**1,624**	**-4%**	**855**	**381**	**224**	**69**	**95**
Cill Dara	447	2%	232	105	63	18	29
Laois/Uibh Fhailí	307	-7%	180	71	39	9	8
An Mhí	305	-7%	151	88	39	10	17
An Iarmhí	225	-8%	108	61	36	8	12
Cill Mhantáin	340	-4%	184	56	47	24	29
Réigiún an Tuaiscirt	**1,267**	**-5%**	**713**	**315**	**116**	**50**	**73**
Cabhán/Muineachán	341	0%	188	100	19	11	23
Dún na nGall	413	-10%	245	98	35	14	21
Lú	337	1%	175	89	34	19	20
Sligeach/Liatroim	176	-11%	105	28	28	6	9
Réigiún Oirdheiscirt	**1,422**	**-17%**	**737**	**344**	**195**	**61**	**85**
Cill Chainnigh/Ceatharlach	357	-19%	200	67	46	22	22
Tiobraid Árann	320	-23%	147	91	61	9	12
Port Láirge	380	-22%	183	107	53	11	26
Loch Garman	365	-2%	207	79	35	19	25
Réigiún an Deiscirt	**2,525**	**0%**	**1,297**	**667**	**355**	**117**	**89**
Cathair Chorcaí	765	4%	372	176	152	44	21
Corcaigh Thuaidh	408	-3%	214	112	54	19	9
Iarthar Corcaí	292	-10%	173	60	27	28	4
Ciarraí	397	12%	245	95	26	11	20
Luimneach	663	-3%	293	224	96	15	35
Réigiún an Iarthair	**1,389**	**-7%**	**811**	**269**	**142**	**99**	**68**
An Clár	324	-1%	166	77	41	17	23
Gaillimh	564	-5%	355	110	51	33	15
Maigh Eo	264	-23%	155	47	24	22	16
Ros Comáin/Longfort	237	1%	135	35	26	27	14
Dlínse Seachtrach	**109**	**31%**	**55**	**9**	**10**	**27**	**8**
Móriomlán	**12,246**	**-4%**	**6,265 (51%)**	**2,840 (23%)**	**1,822 (15%)**	**648 (5%)**	**671 (5%)**

LEANAÍ A ATREORAÍODH CHUIG AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA

Figiúr 3: Líon na Leanaí a atreoraíodh 2007-2012



- Bhí 75% de leanaí a atreoraíodh fireannach bhí 25% acu baineann.

Figiúr 4: Aois na Leanaí a atreoraíodh 2011-2012



- Bhí 35% de leanaí 17 bliana d'aois agus bhí 21% 16 bliana d'aois nuair a tugadh rabhadh dóibh i 2012.

Figiúr 5: Líon na Leanaí 2012

Leanaí (an t-atreorú is déanaí)	Iomlán	%	Fireann	Baineann
Rabhadh Neamhfhoirmiúil	6,265	51%	67%	33%
Rabhadh Foirmiúil	2,209	18%	85%	15%
Mí-oiriúnach le bheith áirithe sa Chlár Athstiúrtha	1,822	15%	88%	12%
Gan aon ghníomh eile	648	5%	68%	32%
Rabhadh Aisiríoch	631	5%	80%	20%
Eile *	671	5%	85%	15%
Mór Iomlán	12,246	100%	75%	25%

- Bhí rabhadh neamhfhoirmúil ag 51% de Leanaí a atreoraíodh mar an cineál atreoraithe. Bhí dhá thrian na fuair rabhadh neamhfhoirmiúil fireann mar an rabhadh is úrnua agus bhí 88% a bhí ceaptha bheith mí-oirúnach sa Chlár athstiúrtha mar an rabhadh is úrnua fireann freisin.

***Ní shuimítear gach céadatán go 100% go beacht mar gheall ar shlánúchán**

Figiúr 6 - Líon na nAtreoruithe de réir Linbh 2012

Atreoruithe i 2012	Iomláin	%	Male	Female
1 amháin	8,532	70%	71%	29%
2-3 atreoruithe	2,437	20%	81%	19%
4-5 atreoruithe	574	5%	88%	12%
6 nó níos mó	703	6%	90%	10%

- Níl ach atreorú amháin ag 70% de na leanaí a atreoraíodh cé go bhfuil 6 atreoruithe nó níos mó ag 6% i 2012. As iad siúd a fuair atreorú amháin i 2012 ta 71% fireann agus tá 29% baineann. Bhí leanaí le 5 atreoruithe nó níos mó fireann go príomha gan ach 10% baineann.

Figiúr 7- Próifíl Aoise de réir lion na nAtreoruithe



	1 amháin	2-3 atreoruithe	4-5 atreoruithe	6 nó níos mó
12bl	354	68	14	18
13bl	757	172	32	32
14bl	1,115	254	62	70
15bl	1,673	424	104	114
16bl	1,751	582	118	156
17bl	2,795	906	237	301

- Faigheann leanaí atá níos sine cionroinn méadaithe atá mar 35% dóibh siúd atá atreoruithe cé nach bhfuil iad siúd atá ag 12 bhliain deag d'aois ach mar 4%.

Figiúr 8 - Cineál atreoraithe de réir Líon na nAtreoruithe 2012

	Líon na nAtreoruithe 2012		
Saghas Atreoruithe	1 amháin	2-5 atreoruithe	6 nó níos mó
Rabhadh Neamhfhoirmiúil	**67%**	29%	3%
Mí-oiriúnach le bheith áirithe sa Chlár Athstiúrtha	8%	26%	**66%**
Rabhadh Foirmiúil	23%	**49%**	28%
Rabhadh Aisiríoch	34%	**45%**	22%
Gan aon ghníomh eile	**55%**	32%	12%
Eile	33%	41%	27%

- Níl ach atreorú amháin ag 70% de na leanaí a atreoraíodh cé go bhfuil 6 atreoruithe nó níos mó ag 6% i 2012. As iad siúd a fuair atreorú amháin i 2012 ta 71% fireann agus tá 29% baineann. Bhí leanaí le 5 atreoruithe nó níos mó fireann go príomha gan ach 10% baineann.

Figiúr 9 – Líon na leanaí le rabhaidh Foirmiúla / Neamhfhoirmiúla 2007-2012



- Bhí 9,105 leanaí a fuair rabhaidh Foirmiúla / Neamhfhoirmiúla i 2012 rud atá -6% níos lú ná i 2011 – bunaithe ar an atreorú is déanaí a fuarthas.
- Tá 72% fireann agus tá 28% baineann.

Figiúr 10 - Céadatán de leanaí le rabhaidh Foirmiúla / Neamhfhoirmiúla 2007-2012



CEARTAS AISIRÍOCH

Is próiseas deonach é Ceartas Aisiríoch nuair a ghlacann an duine óg freagracht as a (h)iompar goilliúnach agus éiríonn na daoine óga seo cuntasach dóibh siúd a ndearna siad díobháil. Tugtar deis don íospartach a dtuairimí a léiriú trí bhualadh leis an duine óg aghaidh ar aghaidh ar lámh amháin nó trína a gcuid tuairimí a chur in iúl ag duine éigin eile ar an lámh eile. Cuireann an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) an cruinniú ar bun agus bíonn sé a reáchtáil aige/aici chomh maith.

CAD A CHUIREANN CEARTAS AISIRÍOCH ROIMHE A DHÉ A DHÉANAMH?

Nuair a dhéantar cion nó coir déantar dochar do dhuine nó do phobal. Ar bhealach éigin tá tionchar ag an díobháil sin ar an duine nó ar an bpobal. Cuireann Ceartas Aisiríoch roimhe déileáil leis an díobháil trí phlé a dhéanamh air. Cuireann Ceartas Aisiríoch roimhe deileáil leis an dochar trí é a thabhairt chuig lár na díospóireachta. Déanann sé é seo trí guth a thabhairt don duine atá thíos leis an gcoir. Cruthaíonn sé ansin deis don chiontóir cúiteamh a dhéanamh ar an gcion agus obair i dtreo cosc a chur ar athchiontú. Ní hé cúram an phróisis um Cheartas Aisiríoch breith nó milleán a thabhairt ar an ábhar a bhíonn i gceist.

CÉ hIAD NA DAOINE AR FÉIDIR LEO BHEITH PÁIRTEACH?

Gach duine a ghlacann páirt i gcruinniú Ceartas Aisiríoch, is go deonach a dhéanann siad é. Ba chóir go mbéadh Rannpháirtithe an duine óig a rinne an cion, a t(h)eaghlach agus an t-íospartach, a bheith ann. D'fhéadfadh duine éigin a bheith in éineacht leis an íospartach chun tacaíocht a thabhairt dóibh. Is féidir leis an íospartach nó an duine óig cuireadh a thabhairt d'aon duine, ar féidir leo cur go dearfach leis an bpróiseas. Tá an próiseas eagraithe ag an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) agus bíonn sé faoi chathaoirleacht an Oifigigh Idirchaidrimh don Óige (JLO) eile de ghnáth, duine a bhíonn oilte go speisialta. Ar na samplaí de dhaoine ar tugadh cuireadh dóibh freastal tá: daoine chun tacú leis an íospartach, múinteoirí, oibrithe sóisialta, oiliúnóirí spóirt agus nó oibrithe tionscadail nó óige.

CAD A THARLAÍONN AG IMEAGHT AISIRÍOCH?

Cuireann an cathaoirleach, atá ina an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO), gach duine in aithne dá chéile agus léiríonn sé/sí conas a reachtófar an cruinniú. Glacann an duine óg freagracht as a chuid / a cuid iompraíochta. Tá an deis ag gach rannpháirtí a scéal a insint gan briseadh agus cur síos a dhéanamh ar conas mar a chuaigh an iompraíocht chiontaithe i gcion orthu. Nuair a bheidh gach duine ar mian leo labhairt críochnaithe, beidh deis ann freagra a thabhairt agus ceisteanna a chur. Tabharfar deis don chiontóir leithscéal a ghabháil agus tabharfar cuireadh don íospartach cad ba mhaith leo as an gcruinniú a chur in iúl. Bíonn plé ar siúl ansin ar an gcaoi is fearr chun freastal ar riachtanais an íospartaigh agus chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil. Pléitear iompar an duine óg sa todhchaí ansin. Nuair is féidir aithneoidh an cruinniú tacaíochtaí gur féidir a chur i bhfeidhm a chabhróidh leis an duine óg chun cosc a chur air / uirthi athchiontú.

CÁ hÁIT A DTIONÓLFAR AN CRUINNÍU?

Is féidir an cruinniú aisiríoch a chur ar siúl in aon suíomh oiriúnach do na páirtithe ag a bhfuil baint díreach acu leis. Is de riachtanas é le haghaidh torthaí fabhracha go mbraitheann na páirtithe sábháilte agus compordach. Ar na hionaid seo áirítear ionaid phobal, ionaid spóirt, ionaid pharóiste, óstáin agus stáisiúin Gardaí.

CÉN LEAD IS FÉIDIR A BHEITH ANN DON ÍOSPARTACH?

Tá sé tábhachtach go bhfaighidh an t-íospartach seans éisteacht a fháil, a thaobh den scéal a thabhairt agus a mhíniú a thabhairt ar thionchar iomlán an chiona orthu. Faigheann siad deis bualadh leis na ciontóirí agus dúshlán a thabhairt ar a n-iompar. Léirítear san aiseolas ó íospartaigh go bhfuil an próiseas seo ina chuidiú dóibh i mbogadh ar aghaidh ón gcion. Féadfaidh an cruinniú freisin bheith ina chabhair leo pé imní a mbeadh acu faoin íospairt sa todhchaí a shárú nó freagraí ar na ceisteanna atá ag cur as dóibh a fháil. Cé nach bhfuil aon ráthaíochtaí maidir leis an toradh deiridh, is féidir le híospartaigh leas a bhaint as chúiteamh airgeadais nó foirmeacha eile de leorghníomh freisin. Léirigh taighde le déanaí go raibh níos mó ná 90% na n-íospartach sásta leis an tslí inar déileáiladh lena a gcás ag baint úsáid as an bpróiseas seo.

AN DTABHARFAR AITHEANTAS DON bPRIOBHÁIDEACHAIS?

De réir an dlí, tá ceisteanna a nochtar ag an gcruinniú faoi rún agus tá ábhar aon chomhaontú a dhéantar ann faoi rún agus ní chuirfear ar fáil í do dhuine ar bith gan cead a fháil roimh ré ó iad siúd a bhfuil baint díreach acu leis.

CÉN LEAS IS FÉIDIR A BHEITH ANN DON DUINE ÓG?

Tugann an rabhadh aisiríoch agus an chomhdháil deis don duine óg freagracht a ghlacadh as a g(h) níomhartha agus míniú a dhéanamh ar a n-iompar. Bíonn seans acu leithscéal a ghabháil go díreach leis an íospartach agus, nuair is cuí, rud dearfach a dhéanamh leis an dochar a rinneadh a dheisiú. Déanfaidh an cruinniú iarracht cabhrú leis an duine óg athchiontú a sheachaint trí lánpháirtiú agus ath-imeascadh.

CEARTAS AISIRÍOCH—Scéal pearsanta

Nuair a scrúdaigh an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) anna roinnt de na n-atreoruithe do chiontóirí óga le déanaí, d'fhéadfadh sé a fheiceáil ó na staitisticí gur coireanna tromchúiseacha a bhí iontu inar baineadh úsáid as teachtaireachtaí téacs, rud a bhí mar bhonn le ciapadh agus bagairt a dhéanamh do dhuine óg eile. Leathnaigh sé seo amach; bhí ciontóir óg gafa le scian ar scoil, áit a d'fhreastail an duine óg eile freisin.

Ar scrúdú an cháis fuair an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) amach go raibh an ciontóir óg in aighneas le duine óg eile ar scoil agus bhí cúrsaí ag méadú ar ndóigh. Bunaithe ar a chuid taithí ar úsáid a bhaint as cleachtais aisiríoch, d'aithin an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) an gá a bhí an, ní amháin ar aghaidh a thabhairt ar na coireanna, ach freisin iarracht a dhéanamh réiteach a fháil ar an gcaidreamh a bhí briste idir an bheirt daoine óga.

D’oibrigh an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) go fairsing leis an duine díobháilithe agus a tuismitheoirí, chomh maith leis an gciontóir óg agus a tuismitheoirí, rud a chuir go mór le gach páirtí ag teacht le chéile i gcruinniú aisiríoch.

Cuireadh tús le comhrá oscailte agus macánta ag an gcruinniú idir na daoine óga agus ag an deireadh d’fháisc siad barróg lena chéile.

Bhuail an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) leis an gciontóir óg ina dhiaidh sin, mar chuid den socrú maoirseachta, rud a chuir ar an eolas é go raibh cruinniú de thapa na huaire ag an gcailín óg seo leis an gcailín eile agus gur chaith siad leathuair an chloig ag caint lena chéile. Bheadh sé seo dodhéanta nuair a tugadh tuairisc ar an gcoir ar dtús agus fiosrúchán déanta air. Mar sin féin, trí úsáid a bhaint as ceartas aisiríoch agus trí na páirtithe go léir a thabhairt le chéile daoine ag a raibh tionchar ag an gcoireacht orthu, ní hamháin gur tugadh aghaidh ar dochar na coire ach d'fhéadfadh an t-íospartach óg a bheith sábháilte in aon chruinnithe idir í féin agus an cailín eile amach anseo.

Léiríonn an sampla seo an neart atá ag an gceartais aisiríoch aghaidh a thabhairt ar an díobháil a rinneadh, caidrimh idir daoine a fheabhsú agus aghaidh níos fearr a thabhairt ar atitimeachas sa phróiseas.

CEARTAS AISIRÍOCH—Scéal phobal

Tharla eachtra ina ndearnadh damáiste coiriúil fairsing ar fhoirgneamh pobail nua a bhí mar dídean do thionscadal beag agus lucht ceardaíochta. Briseadh fuinneoga, tugadh uirlisí garraíodóireacht ón oifig agus cuireadh araidí rothaí trí thine. Baineadh turraing iomlán as páirtithe díobhálaithe mar chreid siad go raibh fáilte rompu sa phobal agus go raibh an t-áitreabh a bhí ann le húsáid ag an bpobal áitiúil.

Thug an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) 15 duine le chéile do chruinniú aisiríoch; na cúigear éagóraithe óga chomh maith lena gcuid tuismitheoirí agus baill ón ionad pobail. D'oibrigh an t-Oifigeach Idirchaidrimh (JLO) go fairsing leis na páirtithe díobhálacha le tuiscint a thabhairt dóibh ar conas is féidir leis an bpróiseas seo cabhrú leo bogadh ar aghaidh ón eagla agus ón turraing a lean an choir.

Is é gné amháin de chleachtas aisiríoch ná comhtháthú an phobail a éascú agus cuidiú le hatógáil an chaidrimh damáiste chun ligean do dhaoine a saoil a chaitheamh i dteannta a chéile. Tionóladh cruinniú san ionad pobail ar a ndearnadh damáiste. Chabhraigh sé seo leis an bpróiseas mar d'fhéadfadh tuismitheoirí na n-ógánach an damáiste a chuir a gcuid leanaí ar bun a fheiceáil go díreach. Thug sé blaiseadh dóibh ar an saghas pobal a bhain úsáid as an áitreabh, agus ar an an dea-obair a rinne siad.

D'admhaigh na hógánaigh cé chomh dúr a bhí a gcuid gníomhartha agus ghabh siad go léir leithscéal ó bhéal leis na baill foirne. Léirigh na tuismitheoirí a n-uafás leis an méid a bhí ar bun ag a gcuid páistí. Chuir na híospartaigh in iúl a gcuid mothúchán ar theacht chun a n- áit oibre le gloine ar fud na háite agus an rúille búille ginearálta ar aimsiú a bhfoirgneamh mar seo. I measc na ngealltanas a rinne na hógánaigh bhí dul i mbun cabhrú leis an bhfoireann i ndualgas garraíodóireacht timpeall an ionaid.

Ní amháin gur fhill an 5 ógánach leis an obair a dhéanamh ach tháinig cuid dá gcairde agus chabhraigh chomh maith. Tá siad ag críochnú cúrsa ealaíne agus tá sé beartaithe acu múrmhaisiú don fhoirgneamh a chur i gcrích.

Bhí an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) in ann an chaoi a d'athraigh an dinimic thar na seachtainí a fheiceáil agus bhí na hoibrithe pobail agus ógánaigh ar théarmaí chéad ainm agus bhí sé soiléir go raibh úinéireacht comhchoiteann ann i measc chách.

CEARTS AISIRÍOCH - Ciontú Tráchta

Tá tionscnamh píolótach ar siúl faoi láthair i 10 Roinn an Gharda le hiarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar Chiontú Tráchta trí chur chuige aisiríoch.

Tá sé á reáchtáil go comhpháirteach ag pearsanra Aonad Tráchta an Gharda Síochána agus Oifigigh Idirchaidrimh don Óige. Tugann sé an deis do dhaoine óga a sháraigh an dlí um Thrácht ar Bhóithre páirt a ghlacadh sa chlár ' *Ní tharlóidh sé domsa* '. Glacann na rannpháirtithe, lena n-áirítear na nógchiontóirí i dtiomáint ar ár mbóithre, agus a dtuismitheoirí / caomhnóirí , páirt ansin i ndíospóireacht ag baint úsáid as na prionsabail um Chleachtais Aisiríocha, chun cur le foghlaim agus tuiscint ar na rioscaí a bhaineann le droch- iompar tiomána ar ár mbóithre.

D'fhreastail ceathrar tiománaithe óga ciontaithe i gcionta Thrácht ar Bhóithre ar imeacht Cheartas Aisiríoch/Trácht ar Bhóithre in éineacht lena dtuismitheoirí ina raibh ar cur i láthair físeáin ar an gclár ' *Ní tharlóidh sé dom*". Sa phlé a lean ina dhiaidh, cuireadh an bhéim, trí úsáid a bhaint as cleachtais aisiríocha, machnamh a dhéanamh ar cad a rinne siad, aitheantas a thabhairt do na contúirtí atá ann tar éis breathnú ar an bhfíseán agus tiomantais a thabhairt as a n-iompar tiomána sa todhchaí.

Ar an ócáid seo, cuireadh go mór leis an bplé le láithreacht fear 31 bliain d'aois a bhí, ag 25 d'aois páirteach i dtimpiste tromchúiseach ar bhóithre a d'fhág ina dhuine a raibh paraipléige air. Tá an fear óg seo ag déanamh cúiteamh don tsochaí tríd an teachtaireacht faoi conas mar a athraíodh a shaol mar thoradh ar thimpiste tráchta bóthair a chur abhaile ar dhaoine.

Bhí an tionchar a bhí aige ar na tiománaithe óga agus a dtuismitheoirí ollmhór. Ó breathnú ar fhíseán, chun plé a n-iompar tiomána agus anois ag tabhairt aghaidh ar an saol íospartach timpiste bóthair fíor, ní raibh na daoine óga i aon amhras ach go mbeadh orthu gealltanais fíor agus buan a dhéanamh i leith a gcuid tiomána sa todhchaí chun fanacht sábháilte ar ár mbóithre. Bhí gach tiománaí tiomanta d'athrú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar a n-iompar tiomána agus beidh an t-Oifigeach Idirchaidrimh (JLO) ag déanamh monatóireacht air le linn a thréimhse mhaoirseachta.

Go suntasach, ceadaíonn an próiseas seo guth do thuismitheoirí agus tá sé seo san áireamh. Is amhlaidh gur an- minic a thiteann sé amach gurbh iad na tuismitheoirí a thugann rochtain ar fheithicil, árachas dá gcuid leanaí a chur ar fáil agus dá bhrí sin, tá siad lárnach i dtacú leis an teachtaireacht seo ar shábháilteacht ar bhóithre trí chaidreamh lena gcuid páistí.

CEARTAS AISIRÍOCH 2012 IN AGHAIDH RÉIGIÚIN AGUS ROINNE

Bhí 1,036 rabhaidh aisiríoch i 2012 méadaithe ó 903 rabhaidh aisiríoch i 2011.

Tábla 3 : Líon na rabhadh aisiríoch 2009 - 2012

Réigiún	Roinn	2012	% Athrú	2011	2010	2009
Réigiún Átha Cliath		**213**	**0%**	**212**	**180**	**138**
	Roinn an Oirthir	18	0%	18	31	16
	Roinn Láir-Thuaidh	24	14%	21	20	13
	Roinn Thuaidh	73	-11%	82	59	54
	Roinn Theas-Láir	10	-52%	21	10	10
	Roinn an Deiscirt	7	-50%	14	16	13
	Roinn an Iarthair	81	45%	56	44	32
Réigiún an Oirthir		**96**	**10%**	**87**	**90**	**45**
	Cill Dara	27	4%	26	11	10
	Laois/Uíbh Fhailí	9	-53%	19	28	9
	An Mhí	17	-26%	23	11	12
	An Iarmhí	29	93%	15	38	6
	Cill Mhantáin	14	>100%	4	2	8
Réigiún an Tuaiscirt		**96**	**25%**	**77**	**33**	**27**
	Cabhán/Muineachán	10	>100%	10	5	10
	Dún na nGall	60	94%	31	8	3
	Lú	18	-31%	26	17	10
	Sligeach/Liatroim	8	-20%	10	3	4
Réigiún an Oirdheiscirt		**149**	**69%**	**88**	**84**	**44**
	Cill Chainnigh/Ceatharlach	50	213%	16	10	14
	Tiobraid Árann	53	33%	40	48	7
	Port Láirge	16	-24%	21	13	11
	Loch Garman	30	>100%	11	13	12
Réigiún an Deiscirt		**405**	**13%**	**357**	**295**	**127**
	Cathair Chorcaí	58	-43%	102	162	57
	Corcaigh Thuaidh	78	-32%	115	54	34
	Iarthar Corcaí	38	-14%	44	32	25
	Ciarraí	134	185%	47	5	1
	Luimneach	97	98%	49	42	10
Réigiún an Iarthair		**76**	**-7%**	**82**	**110**	**35**
	An Clár	18	>100%	4	4	0
	Gaillimh	44	69%	26	67	22
	Maigh Eo	8	>100%	6	17	5
	Ros Comáin/Longfort	6	-87%	46	22	8
Móriomlán		**1,036**	**15%**	**903**	**792**	**416**

Figiúr 11 - Líon na rabhadh aisiríoch 2007 - 2012



LÍON NA LEANAÍ A MEASTAR A BHEITH MÍ-OIRIÚNACH LE BHEITH SAN ÁIREAMH SA CHLÁR AISIRÍOCH

Bhí iomlán de 1,822 leanbh a measadh a bheith Mí-oiriúnach do Rabhadh i 2012 laghdú 13 leanbh ar iomlán 2011 de 1,835 - bunaithe ar an líon is déanaí de na n-atreoruithe a fuarthas. Tá 88% acu fireann agus tá 12% acu baineann.

Féadfar cás a thaifeadadh mar mí-oiriúnach má tá aon cheann díobh seo a leanas i láthair:

- Ní ghlacann páiste freagracht as a iompar.
- Ní thugann an leanbh toil do rabhadh a fháil agus, nuair is cuí, a bheith á mhaoirsiú ag oifigeach idirchaidrimh don óige (JLO).
- Ní rachadh sé chun leasa na sochaí rabhadh a thabhairt don leanbh.
- Bíonn an páiste ag ciontú go leanúnach.

Caithfidh an Stiúrthóir a bheith sásta go bhfuil ligean isteach an linbh don Chlár iomchuí, ag obair ar mhaithe le leas an linbh agus ag teacht le leas an tSochaí agus pé íospartach a bheadh i gceist.

Nuair a bhíonn glacacht le leanbh sa Chlár á mheas déanfar aon tuairimí a léiríonn aon íospartach i ndáil le hiompar coiriúil nó frithshóisialta an linbh a chur san áireamh ach ní bheidh toiliú an íospartaigh éigeantach maidir le ligean isteach den sórt sin.

Cuirtear na hábhair ar ais ansin chuig bainistíochta an Gharda Síochána áitiúil le deimhniú go bhfuil an leanbh neamhoiriúnach le cuimsiú sa Chlár Athstiúrtha. Cuirtear cásanna a bheadh mífheiliúnach ar ais chuig bainistíocht áitiúil an Gharda Síochána d'fhonn tús a chur le hionchúiseamh os comhair na gCúirteanna.

Figiúr 12: Líon na Leanaí a Breithníodh Mí-oiriúnach do Chuimsiú 2007-2012



Figure 13 : Líon na Leanaí a Breithníodh Mí-oiriúnach do Chuimsiú 2007-2012



Comhréir de leanaí a mheastar a bheith mí-oiriúnach do Rabhadh 15% in 2012, méadaithe ó 14% in 2011.

CINEÁL COIRE INAR ATREORAÍODH LEANAÍ 2012

Tábla 4 : Cineál Coire inar atreoraíodh leanaí 2012

Grúpa Coire / Cineál Coire	2012	% don Iomlán	% Athrú	2011	Comhréir cionta braite 2012*
Cionta a bhaineann le hOrd Poiblí agus Chód Sóisialta eile	**6,976**	**29.0%**	**-11%**	**7,868**	**17%**
Cionta a bhaineann le hOrd Poiblí	3,787	15.7%	-17%	4,556	14%
Cionta Foghla	1,296	5.4%	-9%	1,418	65%
Cionta Meisceoireachta	889	3.7%	-6%	947	10%
Ceannachán nó Tomhailt Alchóil ag daoine faoi bhun 18 bl. d'aois	723	3.0%	-2%	739	---
Cionta eile a bhaineann le hOrd Poiblí	88	0.4%	73%	51	2%
Cionta Rialaithe Gheallchuir/Airgid, Cionta Trádála/Bailiúcháin	70	0.3%	-10%	78	28%
Déircínteacht	59	0.2%	392%	12	10%
Cionta a bhaineann Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara	**5,996**	**24.9%**	**-8%**	**6,485**	**23%**
Gadaíocht ó Siopa	3,321	13.8%	-6%	3,541	22%
Gadaíocht Eile	752	3.1%	-13%	860	16%
Gadaíocht/Tógáil Neamhúdaraithe feithicle	501	2.1%	-32%	742	45%
Gadaíocht ó fheithicil	373	1.5%	-3%	383	24%
Láimhseáil Maoin Ghoidte	324	1.3%	16%	279	20%
Gadaíocht/Tógáil Neamhúdaraithe ghnáthrothar	316	1.3%	9%	291	57%
Gadaíocht ón bpearsa	257	1.1%	48%	174	28%
Cur isteach ar mheicníocht FIG	148	0.6%	-31%	213	38%
Damáiste do Mhaoin agus don Chomhshaoil	**2,511**	**10.4%**	**-19%**	**3,096**	**36%**
Damáiste coiriúil (Coirloscadh as an áireamh)	2,303	9.6%	-18%	2,812	35%
Coirloscadh	197	0.8%	-29%	278	60%
Coireanna Bruscair	11	0.0%	83%	6	13%
Coireanna Bóthar agus Tráchta (NEC)	**1,668**	**6.9%**	**-15%**	**1,953**	**2%**
Cionta Ródacmhainneachta/Rialála	1,124	4.7%	-13%	1,288	2%
Iarrachtaí/Bagairtí Dhúnmharaithe, ionsaithe, chluichte, agus cionta	**1,640**	**6.8%**	**-19%**	**2,033**	**18%**
Ionsaithe eile	1,220	5.1%	-18%	1,487	20%
Ionsaithe is cúis le díobháil	377	1.6%	-25%	502	17%
Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	**1,636**	**6.8%**	**-15%**	**1,936**	**27%**
Buirgléireacht (gan ía bheith forthromaithe)	1,433	6.0%	-18%	1,750	28%
Gabháil earra (le hintinn buirgléireachta, gadaíocta,éilimh)	174	0.7%	12%	156	23%
Trombhuirgléireacht	29	0.1%	-3%	30	22%
Cionta Drugaí Rialaithe	**1,205**	**5.0%**	**-7%**	**1,290**	**7%**
Sealbhú drugaí le húsáid phearsanta	965	4.0%	-8%	1,046	8%
Sealbhú drugaí le díol agus soláthar	194	0.8%	-1%	196	6%
Cionta Drugaí Eile	38	0.2%	23%	31	6%
Saothrú nó táirgeadh Drugaí	8	0.0%	-53%	17	2%
Gníomhartha Contúirteacha nó Mainneachtnach	**664**	**2.8%**	**-10%**	**735**	**1%**
Tiomáint Chontúirteach/neamhaireach agus cionta	344	1.4%	-11%	386	9%
Tiomáint Róghasta	168	0.7%	17%	144	1%
Tiomáint/i bhfeighil feithicle thar teorainn dleathach alcóil	88	0.4%	17%	75	1%
Cionta tráchta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh	46	0.2%	-49%	90	33%
Cur i gcontúirt le baol trom damáiste/bás	12	0.0%	-48%	23	26%
Tiomáint/i bhfeighil feithicle faoi thionchar drúgaí	4	0.0%	-76%	17	2%
Tréigean linbh, faillí agus cruáil linbh.	1	0.0%	---	0	1%
Tiomáint chontúirteach mar chúil do dhíobháil thromchúiseach	1	0.0%	---	0	20%
Cionta Airm Phléascacha	**588**	**2.4%**	**-11%**	**658**	**22%**
Cionta Arm Troda (NEC)	446	1.9%	-8%	484	18%
Cionta Robála Sracaidh agus Fuadaithe	**372**	**1.5%**	**-29%**	**525**	**30%**
Robáil ón bPearsa	327	1.4%	-28%	455	49%
Cionta Gnéasach	**291**	**1.2%**	**16%**	**250**	**26%**
Ionsaí Gnéasach (gan í a bheith forthromaithe	170	0.7%	52%	112	25%
Banéigean nó Éigniú Fireann	71	0.3%	-16%	85	26%
Scrogall bhuachalla nó cháilín faoi bhun 17 mbliana d'aois	41	0.2%	24%	33	53%
Cionta gnéasacha eile	5	0.0%	-74%	19	8%
Cion gnéasach le duine laginnteanach	2	0.0%	---	0	17%
Ionsaí gnéasach forhromaithe	2	0.0%	100%	1	50%
Cionta i gcoinne Rialtais, nósanna imeachta Ceartais	**255**	**1.1%**	**-15%**	**299**	**3%**
Calaois Cealgadh agus Cionta Gaolmhara	**203**	**0.8%**	**-9%**	**224**	**8%**
Cionta nach bhfuil rangaithe aon áit eile (NEC)	**46**	**0.2%**	**119%**	**21**	**3%**
Fuadach agus Cionta Gaolmhara	**12**	**0.0%**	**33%**	**9**	**22%**
Cionta Dúnmhású	**6**	**0.0%**	**200%**	**2**	**10%**
Dúnmharú/Dúnorgain/Naímharú	6	0.0%	500%	1	15%
Gach uile cion	**24,069**	**100.0%**	**-12%**	**27,384**	**9%**

* Líon na gCionta Dhaoine Óga taobh le cionta braite i 2012

TIONSCADAIL ATHSTIÚRTHA DON ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA

Léiríonn Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (GYPD) tiomantas corparáideach An Gharda Síochána do cur chuige comhpháirtíochta ilghníomhaireachta i ndul i ngleic le coireacht óige agus iompar frithshóisialta ag leibhéal pobail. Tá Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (GYDP) anna maoinithe ag Aonad na gClár Pobail na Seirbhíse Ceartas Óige na hÉireann (IYJS) faoin Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais.

Tá na tionscadail pobalbhunaithe agus is tionscnaimh, ilghníomhaireachta óige chosc na coireachta iad a fhéachann go príomha daoine óga a bhí páirteach in iompar frithshóisialta agus / nó coiriúil a atreorú trí ghníomhaíochtaí oiriúnacha chun forbairt phearsanta, freagracht shibhialta a chur chun cinn agus ionchais fostaíochta a fheabhsú go fadtéarmach. Féadfaidh na tionscadail seo oibriú freisin le daoine óga atá go mór i mbaol a bheith páirteach in iompar frithshóisialta agus / nó coiriúil. Trí amhlaidh a dhéanamh, cuidíonn na tionscadail chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha i bpobail agus an caidreamh idir An Garda Síochána agus an pobal a fheabhsú.

Tá ról an phobail agus gníomhaireachtaí eile atá bunaithe go háitiúil mar chomhpháirtithe ríthábhachtach i gcur i bhfeidhm agus seachadadh na dtionscadal. Cuidíonn na tionscadail leis an nGarda Síochána agus Oifigigh Idirchaidrimh don Óige na nGardaí go háirithe, i gcur i bhfeidhm an Chláir Athstiúrtha mar atá leagtha amach i gCuid 4 d'Acht na Leanaí, 2001.

Tá Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (GYDP) anna ag feidhmiú le daoine óga go príomha idir 12 agus 18 bliain d'aois a thagann i gcoimhlint nó atá i mbaol ar dhul i gcoimhlint leis an dlí. Cuirtear an leanbh ar aghaidh chuig tionscadal go príomha ag an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO), áfach, is féidir le leanbh a chur ar aghaidh freisin ag Garda eile, gníomhaireacht eile, ag oibrí pobail nó ball den teaghlach.

Oibríonn an tionscadal leis an leanbh agus leagann plean aonair idirghabhála dó / di a fhéachann le cuidiú leis an leanbh lena bpróiseas cinnteoireachta ag díriú ar na cinntí a thug orthu ciontú agus ar an ngá atá le hathrú. Baineann an fhoireann tionscadail úsáid as teicnící agallóireachta inspreagtha leis an athrú seo a éascú; baintear úsáid as samhaltú sóisialta le tabhairt faoi dúshlán a thabhairt ar dhearcadh agus iompar rannpháirtí aonair.

Tá cúnamh agus tacaíocht ar fáil freisin do theaghlach an rannpháirtí ag aithint gur gá aon dearcadh agus dea-iompar a chuireann an rannpháirtí i bhfeidhm sa bhaile a neartú go dearfach sa bhaile, sa scoil, laistigh de ghrúpaí piaraí agus sa phobal.

Tá oiliúint taithíochta faighte ag gach ball foirne tionscadail agus Oifigigh Idirchaidrimh don Óige (JLO) i samhaltú sóisialta agus teicnící agallaimh inspreagtha a ceapadh chun feabhas a chur ar an sraith scileanna atá ag na daoine ag obair ar na tionscadail. Ina theannta sin, tá roinnt ball foirne Tionscadal a fuair Oiliúint um Chleachtais Aisiríoch.

Le linn 2012, d'oibrigh an Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig go dlúth leis an Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána chun idirghabhálacha a chuireann tionscadail ar fáil a fheabhsú. Go háirithe tá an obair dírithe ar athailíniú na torthaí tionscadal le treochtaí coireachta áitiúla. Bhain sé seo le bainistíocht áitiúil an Gharda Síochána a aithint na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le ciontú ag ógánaigh ina gcuid Ceantar agus ag obair leis na tionscadail le idirghabhálacha cuí a dhearadh agus iad a chur i bhfeidhm chun dúshlán an iompair mhaslaithigh aitheanta a thabhairt.



Figiúr 14 : Suíomh na dTionscadail Athstiúrtha an Gharda don Óige ar fud na Tíre.

- **Iomlán i mBaile Átha Cliath - 33**
- **Iomlán i gCorcaigh - 11**
- **Iomlán i Luimneach - 6**

Faoi láthair tá 100 Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána ar fud na tíre ag obair go dlúth le lucht bainistíochta an Gharda Síochána chun dúshlán iompar goilliúnach agus iompar frithshóisialta sa phobal a thabhairt agus le cuidiú le páistí i gcoimhlint leis an dlí a gcuid patrúin iompraíochta a athrú.

Tá bainistíocht an Gharda Síochána maidir leis na Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (GYDPs) faoi réir ag Straitéis an Gharda Síochána i leith na hÓige agus Leanaí Óige (2012 - 2014) "ár ngeallúint do leanaí agus do dhaoine óga go mbeidh muid ag obair chun a gcosaint a chinntiú agus beidh muid gairmiúil measúil leo; beidh muid íogair dá gcuid cearta agus riachtanas má thagann siad i gcoimhlint leis an dlí nó má theastaíonn ár gcúnamh uathu ".

TUAIRIMÍ AGUS MOLTAÍ

Aithníonn an coiste:

- Obair na hOifige Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus Oifigigh Idirchaidrimh don Óige ar fud na tíre i gcur i bhfeidhm an Chláir Athstiúrtha.
- Na hiarrachtaí leanúnacha i gcur chun cinn ceartais aisiríoch agus cleachtais aisiríocha.
- An obair idirghníomhaireachta idir an Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda agus an Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha.
- Ról Thionscadail Athstiúrtha an Gharda don Óige i dtacú leis an gClár Athstiúrtha.
- An tábhacht a bhaineann le Clár Scoileanna an Gharda Síochána i dtacú le leanaí agus i dtógáil ar an gcaidreamh le daoine óga.

Molann an coiste go:

- Go leanann Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána ar aghaidh ag obair le hOifig na nGardaí um Atreorú na nÓg le ceantair coireachta arda a phróifíliú agus ansin díriú ar fhreagraí agus ar idirghabhálacha níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla do dhaoine óga.
- Ailíniú na dTionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána le láithreacha achrainn ciontaithe óige.
- Tarchuir chuig Tionscadail na nGardaí um Atreorú na nÓg ón gClár Athstiúrtha d'Ógánaigh a uasmhéadú.
- A mhéid a bhfuil alcól / drugaí ina fhachtóir sa choireacht óige a anailísiú.
- Go mbainfidh Oifig na nGardaí um Atreorú na nÓg úsáid as saineolas na Seirbhíse Anailíse an Gharda Síochána a chuirfeadh ar a gcumas rianú a dhéanamh ar leanaí tríd an gcóras mar thaca leis an Straitéis Náisiúnta um Thaighde agus Sonraí ar shaol na Leanaí 2011 - 2016.